| Polasaí Iontrála<br>Gaelcholáiste Phort Láirge | *Admission Policy of Gaelcholáiste Phort Láirge* |
|---|---|
| **Seoladh na Scoile/ School address**: Cúirt an Easpaig, Baile Gunnair, Port Láirge.<br>**Uimhir Rolla / *Roll number:*** 68078U | |
| **Patrún na Scoile: An Foras Pátrúnachta** | ***School Patron: An Foras Pátrúnachta*** |
| **1. Réamhrá** | ***1. Introduction*** |
| Comhlíonann an Polasaí Iontrála seo ceanglais an Achta Oideachais 1998, an Achta Oideachais (Iontráil i Scoileanna) 2018 agus an Achta um Stádas Comhionann 2000. Agus an polasaí seo á dhréachtú, chuaigh bord bainistíochta na scoile i gcomhairle le foireann na scoile, le pátrún na scoile agus le tuismitheoirí leanaí atá ag freastal ar an scoil.<br>D'fhaomh an pátrún scoile an polasaí ar an [05/08/2020]. Tá sé foilsithe ar shuíomh gréasáin na scoile agus cuirfear ar fáil i gcóip chrua é ar iarratas d'aon duine a iarrann é.<br>Tá na dátaí agus na hamlínte ábhartha do phróiseas iontrála Ghaelcholáiste Phort Láirge leagtha amach san fhógra maidir le hiontráil bhliantúil na scoile a fhoilsítear go bliantúil ar shuíomh gréasáin na scoile seachtain amháin ar a laghad roimh thús an phróisis iontrála don scoilbhliain lena mbaineann.<br>Ní mór an polasaí seo a léamh i gcomhar leis an bhfógra maidir le hIontráil Bhliantúil na scoile don scoilbhliain lena mbaineann.<br>Foilsítear an fhoirm iarratais i gcomhair iontrála ar shuíomh gréasáin na scoile agus cuirfear cóip chrua di ar fáil d'aon duine a iarrann sin.<br>Beidh tús áite ag an leagan Gaeilge den pholasaí seo i gcás neamhréitigh. | *This Admission Policy complies with the requirements of the Education Act 1998, the Education (Admission to Schools) Act 2018 and the Equal Status Act 2000. In drafting this policy, the board of management of the school has consulted with school staff, the school patron and with parents of children attending the school.*<br>*The policy was approved by the school patron on* [05/08/2020]. *It is published on the school's website and will be made available in hardcopy, on request, to any person who requests it.*<br>*The relevant dates and timelines for Gaelcholáiste Phort Láirge's admission process are set out in the school's annual admission notice which is published annually on the school's website at least one week before the commencement of the admission process for the school year concerned.*<br>*This policy must be read in conjunction with the annual admission notice for the school year concerned.*<br>*The application form for admission is published on the school's website and will be made available in hardcopy on request to any person who requests it.*<br>*The Irish language version of this policy will take precedence in the case of a discrepancy.* |

| 2. Spiorad Sainiúil agus Cuspóirí Ginearálta na Scoile | *2. Characteristic Spirit and General Objectives of the School* |
|---|---|
| Is meánscoil lán-Ghaeilge de chuid An Fhorais Phátrúnachta í Gaelcholáiste Phort Láirge. Is scoil chomhoideachasúil í a bunaíodh in 2007 agus tá éiteas Caitliceach aici.<br>Is príomhchuspóir na scoile é an Ghaeilge a chothú. Cuirimid fáilte roimh pháistí beag beann ar a gcúlra, creidimh nó riachtanais speisialta.<br>Cuirtear béim ar labhairt na Gaeilge I nGaelcholáiste Phort Láirge mar theanga nádúrtha laethúil; le luachanna na Críostaíochta i bhfeidhm. Fáilteofar roimh gach dearcadh creidimh agus neamh-chreidimh a ghlacann spiorad chultúir Ghaelach an Choláiste chucu féin.<br>Tugann Gaelcholáiste Phort Láirge tús áite don scoláire chun forbairt is foghlaim acadúil, cultúrtha, sóisialta, spioradálta, fisiciúil agus pearsanta a dhéanamh i dtimpeallacht lán Ghaelach atá caoin, muinteartha agus sábháilte.<br>Cothaítear bród agus féinmhuinín sna scoláirí chun an Ghaeilge a úsáid mar ghnáth-theanga chumarsáide, ní hamháin i dtimpeallacht na scoile ach sa ghnáthshaol laethúil.<br>Táimid tiomnaithe scoláirí ardoilte, muiníneacha, measúla a fhorbairt; a dtabharfaidh aghaidh go hoscailte ar shocaí ilghnéitheach ár linne; le féinaitheantas láidir acu ina mbíonn an fhéiniúlacht Ghaelach agus luachanna na Críostaíochta mar chuid lárnach.<br>**Curaclam**<br>Leanann an scoil an curaclam a leagann an Roinn Oideachais & Scileanna síos ó am go céile faoi Rannóg 30 d'Acht Oideachais 1998, agus comhlíonaimid na dualgais atá orainn faoi Rannóg 9 den acht céanna. | *Gaelcholáiste Phort Láirge is an all-Irish secondary school under the patronage of An Foras Pátrúnachta. It is a co-educational school established in 2007 and has a catholic ethos.*<br>*The promotion of Irish is a primary objective of the school. We welcome all children regardless of their background, religious beliefs or special needs.*<br>*The school places emphasis on speaking Irish as a natural daily language and also places emphasis on promoting Christian values. The school welcomes students of all outlooks, religious and non-religious that accept the Irish cultural spirit of the school.*<br>*Gaelcholáiste Phort Láirge puts the student to the fore to develop and learn academically, culturally, socially, spiritually, physically and personally, in an all Irish environment that is warm, friendly and safe.*<br>*We promote the students to develop pride and self confidence in themselves to speak Irish as a natural means of communication not alone in the school environment but also in their daily lives.*<br>*We are committed to developing students who are highly educated, confident and respectful who can take an open approach towards our multicultural society, with a strong sense of self identity and central to this is their own sense of Irishness coupled with Christian values.*<br><br>***Curriculum***<br>*The school follows the curriculum that the Department of Education has set out under Section 30 of the Education Act 1998. The school fulfils its responsibilities under Section 9 of the same Act. A* |

| | |
|---|---|
| Cúrsa 5/ 6 bliana atá á thairiscint i nGaelcholáiste Phort Láirge faoi láthair.<br>Déanann gach scoláire cúrsa 3 bliana sa t-**Sraith Shóisearach.**<br>Tá **cúrsa na hIdirbhliana** roghnach faoi láthair ach d'fhéadfadh an bord bainistíochta an cinneadh a ghlacadh ó bhliain go bliain maidir len é a bheith éigeantach nó neamhéigeantach. Cuirfear an cinneadh seo in iúl do thuismitheoirí & scoláirí na 3ú Bliana roimh Nollaig le linn na 3ú Bliana. Is dóigh le húdaráis an Choláiste go mbaineann scoláirí an-tairbhe as cúrsa na hIdirbhliana. Aithnítear, áfach, nach n-oireann an cúrsa do gach aon scoláire agus, dá bhrí sin, nuair a bhíonn cásanna ar leith i gceist téann na húdaráís scoile agus na tuismitheoirí i gcomhairle lena chéile roimh theacht ar chinneadh.<br>Déanann gach scoláire cúrsa 2 bhliain don Ardteistméirearcht. Caithfidh gach scoláire tabhairt faoi 7 nábhar scrúduithe do chúrsa na hArdteiste sa scoil ach amháin sa chás go bhfuil díolúin aige/aici mar gheall ar riachtanas speisialta. | *course of 5/ 6 years is currently being offered in Gaelcholáiste Phort Láirge.*<br>*Every student does 3 years in **Junior Cycle.** **Transition Year** is optional at the moment however the board of management may decide from year to year regarding it being compulsory or non-compulsory. Parents & 3rd Year students will be informed of this decision before Christmas of 3rd year. The school's authorities feel that students benefit hugely from the Transition Year programme. It accepts however, that this course does not suit everyone and therefore, when certain situations occur the school authorities and the parents engage in conversation before making a decision.*<br>*Every student completes a 2 year course for the Leaving Certificate. It is compulsory for each student following the Leaving Certificate programme to study 7 examination subjects in school, except in the case of a student with a special exemption on an educational need basis.* |
| ***3.* Ráiteas maidir le hIontráil** | ***3. Admission Statement*** |
| Ní dhéanfaidh Gaelcholáiste Phort Láirge idirdhealú maidir le scoláire a ligean isteach ar scoil ar bhonn aon cheann díobh seo a leanas:<br>(a) inscne an scoláire nó an iarratasóra i dtaca leis an scoláire lena mbaineann,<br>(b) stádas sibhialta an scoláire nó an iarratasóra i dtaca leis an scoláire lena mbaineann,<br>(c) stádas teaghlaigh an scoláire nó an iarratasóra i dtaca leis an scoláire lena mbaineann,<br>(d) claonadh gnéis an scoláire nó an iarratasóra i dtaca leis an scoláire lena mbaineann, | *Gaelcholáiste Phort Láirge will not discriminate in its admission of a student to the school on any of the following:*<br>*(a) the gender ground of the student or the applicant in respect of the student concerned,*<br>*(b) the civil status ground of the student or the applicant in respect of the student concerned,*<br>*(c) the family status ground of the student or the applicant in respect of the student concerned,*<br>*(d) the sexual orientation ground of the student or the applicant in respect of the student concerned,*<br>*(e) the religion ground of the student or the applicant in respect of the student concerned,* |

| | |
|---|---|
| (e) reiligiún an scoláire nó an iarratasóra i dtaca leis an scoláire lena mbaineann,<br>(f) bunús míchumais an scoláire nó an iarratasóra i dtaca leis an scoláire lena mbaineann,<br>(g) cine an scoláire nó an iarratasóra i dtaca leis an scoláire lena mbaineann,<br>(h) scoláire nó iarratasóir ó phobal an lucht siúil i dtaca leis an scoláire lena mbaineann, nó<br>(i) riachtanais speisialta oideachais a bheith ag an scoláire nó ag an iarratasóir i dtaca an scoláire lena mbaineann.<br>*De réir alt 61(3) den Acht Oideachais 1998, déanfar 'foras stádas sibhialta', 'foras míchumais', 'idirdhealú', 'foras stádas teaghlaigh', 'foras inscne', 'foras cine', 'foras reiligiúin', 'foras claonadh gnéis' agus 'foras pobal Taistealaithe' a fhorléiriú de réir alt 3 den Acht um Stádas Comhionann 2000.*<br><br>*Comhoibreoidh Gaelcholáiste Phort Láirge leis an NCSE le dualgas na Comhairle a cuid feidhmeanna a chomhlíonadh faoin Acht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu, 2004, maidir le soláthar oideachais do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta acu, lena n-áirítear go háirithe trí sholáthar agus cur i bhfeidhm ranga nó ranganna speisialta* ***trí mheán na Gaeilge*** *nuair a iarrann an Chomhairle orthu amhlaidh a dhéanamh."*<br><br>*Comhlíonfaidh GCPL aon ordachán a iarrtar ar an mbord nó ar an bpátrún, de réir mar is ábhartha, faoi alt 37A agus 67(4)(b) den Acht Oideachais.* | *(f) the disability ground of the student or the applicant in respect of the student concerned,*<br>*(g) the ground of race of the student or the applicant in respect of the student concerned,*<br>*(h) the Traveller community ground of the student or the applicant in respect of the student concerned, or*<br>*(i) the ground that the student or the applicant in respect of the student concerned has special educational needs.*<br><br>*As per section 61 (3) of the Education Act 1998, 'civil status ground', 'disability ground', 'discriminate', 'family status ground', 'gender ground', 'ground of race', 'religion ground', 'sexual orientation ground' and 'Traveller community ground' shall be construed in accordance with section 3 of the Equal Status Act 2000.*<br><br>*Gaelcholáiste Phort Láirge will cooperate with the NCSE in the performance by the Council of its functions under the Education for Persons with Special Educational Needs Act 2004 in relation to the provision of education to children with special educational needs, including in particular by the provision and operation of a special class or classes* ***through the medium of Irish*** *when requested to do so by the Council."*<br><br>*Gaelcholáiste will comply with any direction served on the board or the patron, as the case may be, under section 37A and 67(4)(b) of the Education Act.* |
| ***4.*** **Scoláirí a Ligean Isteach** | ***4. Admission of Students*** |
| Ligfidh an scoil seo isteach gach dalta atá ag lorg iontrála ach amháin sna cásanna a leanas: | *This school shall admit each student seeking admission except where –* |

| | |
|---|---|
| a) i gcás ina bhfuil ró-éileamh ar an scoil (féach alt 6 thíos le haghaidh tuilleadh sonraí)<br>b) i gcás go dteipeann ar thuismitheoir dalta, nuair a éilíonn an príomhoide é de réir alt 23(4) den Acht Oideachais (Leas) 2000, a dhearbhú i scríbhinn go bhfuil cód iompair na scoile inghlactha dó nó di agus go ndéanfaidh sé nó sí gach iarracht réasúnach lena chinntiú go gcomhlíonfaidh an scoláire an cód sin. | *a) the school is oversubscribed (please see section 6 below for further details)*<br>*b) a parent of a student, when required by the principal in accordance with section 23(4) of the Education (Welfare) Act 2000, fails to confirm in writing that the code of behaviour of the school is acceptable to him or her and that he or she shall make all reasonable efforts to ensure compliance with such code by the student.* |
| **5. Catagóirí Riachtanas Speisialta Oideachais a bhfreastalaítear orthu sa scoil/rang speisialta**<br><br>Níl rang/aonad speisialta ag an Scoil faoi láthair. | ***5. Categories of Special Educational Needs catered for in the school/special class***<br><br>*The school does not have a special class/ unit currently.* |
| ***6.* Ró-éileamh** | ***6. Oversubscription*** |
| Sa chás go mbíonn ró-éileamh ar an scoil, nuair a dhéanann sí cinneadh maidir le hiarratais ar iontráil, cuirfidh an scoil na critéir roghnúcháin seo a leanas i bhfeidhm **san ord liostaithe thíos** ar na hiarratais sin a fuarthas laistigh den tréimhse ama le hiarratais a fuarthas mar atá leagtha síos i bhfógra na scoile maidir le hiontráil bhliantúil:<br>1. Deartháireacha, deirfiúracha, leath-shiblíní, siblíní altramaigh nó uchtaithe le daltaí reatha na scoile.<br>2. Páistí ó na gaelscoileanna seo a leanas: Gaelscoil Phort Láirge, Gaelscoil na nDéise, Gaelscoil Philib Barún, Gaelscoil Charraig na Siúire.<br>3. Páistí gur deimhin leis an scoil gur ghnóthaigh an dalta leibhéal líofachta sa Ghaeilge agus gur dhócha go rachadh an líofacht sin ar gcúl mura ligfí isteach i scoil lán-Ghaeilge é/í.*<br>4. Páistí a bhfuil deartháir, deirfiúr, leath-shiblín, siblín altramaigh nó uchtaithe acu a d'fhreastail ar an scoil cheana féin. | *In the event that the school is oversubscribed, the school will, when deciding on applications for admission, apply the following selection criteria* ***in the order listed below*** *to those applications that are received within the timeline for receipt of applications as set out in the school's annual admission notice:*<br>*1. Brothers, sisters, half-siblings, foster siblings or adopted siblings of current pupils.*<br>*2. Children from the following gaelscoileanna: Gaelscoil Phort Láirge, Gaelscoil na nDéise, Gaelscoil Philib Barún, Gaelscoil Charraig na Siúire*<br>*3. Children who have attained a determined level of fluency in Irish which would be likely to decline if he / she is not admitted to an all-Irish school. **<br>*4. Children who have a brother, sister, half sibling, foster or adopted sibling who have previously attended the school.*<br>*5. According to age; the oldest child first.* |

5. De réir aoise; an páiste is sine ar dtús.

***Beidh sé de dhualgas ar thuismitheoirí/ chaomhnóirí fianaise leordhóthanach a sholáthar don Bhord chun leibhéal líofachta riachtanach sa Ghaeilge a pháiste a thaispeáint don Bhord. Féach tuilleadh faisnéise sa doiciméad ábhartha atá ar fáil ón scoil.**

**** The onus will be on parents / guardians to provide sufficient evidence to demonstrate to the board the required level of fluency in Irish. See further information in the relevant document available from the school.***

Sa chás go mbíonn beirt scoláire nó níos mó cothrom le chéile le haghaidh áite nó áiteanna in aon cheann de na catagóirí sna critéir roghnúcháin thuas (go mbíonn níos mó líon iarratasóirí ann ná líon na n-áiteanna fágtha), cuirfear na socruithe seo a leanas i bhfeidhm:

- Tá sé de cheart ag Bord na scoile uaslíon na ndaltaí in aon bhliain ar leith a leagadh síos. Is é an t-uaslíon daltaí a cheadófar in aon bhliain ná 72.
- Má tá beirt daltaí nó níos mó ceangailte faoi chritéar 1/2/3/4 socrófar tús áite de réir an chéad chritéar eile ar an liosta.
- Má tá an critéar deireanach i gceist, cuirfear san áireamh an t-am ar rugadh an leanbh atá ar fáil ar an dteastas breithe.

*In the event that there are two or more students tied for a place or places in any of the selection criteria categories above (the number of applicants exceeds the number of remaining places), the following arrangements will apply:*

- *The school Board reserves the right to set the maximum number of pupils in any given year. The maximum number of pupils allowed in any year is 72.*
- *If two or more pupils are tied under the 1/2/3/4 criteria priority will be set according to the next criterion on the list.*
- *If the final criterion is applicable, the time of birth of the child which is available on the birth certificate will be taken into account.*

**4ú Bliain/ Idirbhliain**

Tabharfar tosaíocht áite san Idirbhliain do scoláirí reatha na Tríú Bliana ag freastal ar Ghaelcholáiste Phort Láirge. Glacfar le hiarratais ó scoláirí seachtracha má bhíonn spásanna folamha sa rang i dtaca le caighdeán riachtanach Gaeilge a chaomhnú. Beidh an dualgas ar thuismitheoirí / chaomhnóirí fianaise leordhóthanach a sholáthar don Bhord chun leibhéal líofachta riachtanach sa Ghaeilge a pháiste a thaispeáint don Bhord. Féach tuilleadh faisnéise sa doiciméad ábhartha atá ar fáil ón scoil.

***4th Year/Transition Year***

*Priority will be given to students who currently attend Third Year in Gaelcholáiste Phort Láirge. Applications will be accepted from external students should vacant spaces exist in the class with regard for the preservation of a required standard of Irish. The onus will be on parents / guardians to provide sufficient evidence to demonstrate to the board the required level of fluency in Irish. See further information in the relevant document available from the school.*

| **7. Cad nach ndéanfar a mheas ná nach gcuirfear san áireamh** | ***7. What will not be considered or taken into account*** |
|---|---|
| De réir alt 62(7)(e) den Acht Oideachais ní dhéanfaidh an scoil na nithe seo a leanas a mheas ná ní chuirfear san áireamh iad nuair a dhéantar cinneadh maidir le hiarratais ar iontráil nó nuair a chuirtear scoláire ar liosta feithimh le ligean isteach chuig an scoil:<br><br>(a) tinreamh an scoláire roimhe seo ag réamhscoil nó ag seirbhís réamhscoile, naíonraí san áireamh,<br>(b) íocaíocht táillí nó ranníocaíochtaí leis an scoil;<br>(c) cumas, scileanna nó inniúlacht acadúil an scoláire; seachas i ndáil le:<br>- ligean isteach i scoil lán-Ghaeilge, de réir fhorálacha alt 62(9) den Acht)<br><br>(d) gairm, stádas airgeadais, cumas acadúil, scileanna nó inniúlacht tuismitheoirí an dalta;<br>(e) ceanglas go bhfreastalóidh scoláire, nó a t(h)uismitheoirí ar agallamh, lá oscailte nó cruinniú eile mar choinníoll iontrála;<br>(f) ceangal scoláire leis an scoil de bhua duine dá theaghlach nó dá teaghlach ag freastal ar an scoil nó a bhí ag freastal ar an scoil roimhe sin; seachas, i gcás na gcritéir roghnúcháin curtha san áireamh ag an scoil bunaithe ar:<br>i. dheartháireacha nó deirfiúracha, leath-shiblín, siblín altramaigh nó uchtaithe a d'fhreastail ar an scoil cheana féin.<br><br>(g) an dáta agus an t-am a ghlac an scoil le hiarratas iontrála,<br>Tá sé seo faoi réir an iarratais a bheith faighte ag am ar bith le linn na tréimhse a shonraítear chun iarratais a fháil mar atá leagtha síos i bhfógra na | *In accordance with section 62(7)(e) of the Education Act, the school will not consider or take into account any of the following in deciding on applications for admission or when placing a student on a waiting list for admission to the school:*<br>*(a) a student's prior attendance at primary school;*<br>*(b) the payment of fees or contributions (howsoever described) to the school;*<br>*(c) a student's academic ability, skills or aptitude;other than in relation to:*<br>*- admission to an Irish language school, in accordance with the provisions of section 62(9) of the act*<br>*(d) the occupation, financial status, academic ability, skills or aptitude of a student's parents;*<br>*(e) a requirement that a student, or his or her parents, attend an interview, open day or other meeting as a condition of admission;*<br>*(f) a student's connection to the school by virtue of a member of his or her family attending or having previously attended the school;other than in the case of the school wishing to include a selection criteria based on:*<br>*(i) siblings, half-siblings, foster children or adopted children of a current student attending the school or of a student who previously attended the school.*<br><br>*(g) the date and time on which an application for admission was received by the school,*<br>*This is subject to the application being received at any time during the period specified for receiving applications set out in* |

| | |
|---|---|
| scoile maidir le hiontráil bhliantúil don scoilbhliain lena mbaineann.<br>Tá sé seo faoi réir freisin ag an scoil tairiscintí a dhéanamh bunaithe ar liostaí feithimh reatha (suas go dtí an 31ú Eanáir 2025 amháin).<br><br>Tá dualgas cúraim ar an mbord bainistíochta sláinte agus sábháilteacht a scoláirí agus fhoireann na scoile a chinntiú a mhéid is indéanta. Ina theannta sin, tá ceanglas ar an mbord bainistíochta faoi alt 15 (1) den Acht Oideachais 1998 oideachas cuí a sholáthar, nó a chur faoi deara é a sholáthair, do gach scoláire sa scoil a bhfuil freagracht ag an mbord sin ina leith.<br>Dá bhrí sin, féadfar iarratas ar chead isteach a dhiúltú, i gcás ina mbeadh riosca suntasach do shláinte agus shábháilteacht an iarratasóra nó scoláire agus fhoireann na scoile dá ligfí isteach an t-iarratasóir, nó go bhféadfadh sé cur isteach go mór ar cheart scoláirí eile chun oideachas cuí a fháil. | *the annual admission notice of the school for the school year concerned.*<br>*This is also subject to the school making offers based on existing waiting lists (up until 31st January 2025 only).*<br><br>*The board of management has a duty of care to ensure as far as practicable the health and safety of the students and staff of the school. In addition, the board of management is required under section 15(1) of the Education Act 1998 to provide, or cause to be provided, an appropriate education for each student at the school for which that board has responsibility.*<br>*An application for admission may be refused, therefore, where the admission of the applicant would pose a significant risk to the health and safety of the applicant or students and staff of the school, or risk significantly interfering with the right of other students to an appropriate education.* |
| **8. Cinntí ar iarratais** | ***8. Decisions on applications*** |
| Beidh na cinntí go léir maidir le hiarratais ar iontráil chuig Gaelcholáiste Phort Láirge bunaithe ar na nithe a leanas:<br>● Polasaí iontrála na scoile<br>● Fógra iontrála bliantúil na scoile (nuair is cuí);<br>● An fhaisnéis a chuir an t-iarratasóir ar fáil i bhfoirm iarratais oifigiúil na scoile a fuarthas le linn na tréimhse atá sonraithe inár bhfógra iontrála bliantúil chun iarratais a fháil.<br>(Féach alt 14 thíos maidir le hiarratais a fuarthas lasmuigh den tréimhse iontrála agus alt 15 thíos maidir le hiarratais ar áiteanna i mblianta seachas an grúpa ligthe isteach.) | *All decisions on applications for admission to Gaelcholáiste Phort Láirge will be based on the following:*<br>● *Our school's admission policy*<br>● *The school's annual admission notice (where applicable)*<br>● *The information provided by the applicant in the school's official application form received during the period specified in our annual admission notice for receiving applications*<br>*(Please see section 14 below in relation to applications received outside of the admissions period and section 15 below in relation to applications for places in years other than the intake group.)* |

| | |
|---|---|
| Ní úsáidfear critéir roghnúcháin nach n-áirítear inár bpolasaí iontrála scoile chun cinneadh a dhéanamh maidir le hiarratas ar áit inár scoil. | *Selection criteria that are not included in our school admission policy will not be used to make a decision on an application for a place in our school.* |
| **9. Cinntí a chur in iúl d'iarratasóirí** | ***9. Notifying applicants of decisions*** |
| Cuirfear iarratasóirí ar an eolas i scríbhinn maidir le cinneadh na scoile, laistigh den amlíne atá leagtha amach san fhógra bliantúil iontrála.<br>Mura dtairgtear áit do dhalta inár scoil, cuirfear na cúiseanna nár tairgeadh áit dó nó di ar fáil i scríbhinn don iarratasóir, lena n-áirítear, nuair is infheidhme, sonraí maidir le rangú an dalta i gcoinne na gcritéar roghnúcháin agus na sonraí faoi áit an dalta ara an liosta feithimh don scoilbhliain lena mbaineann.<br>Cuirfear iarratasóirí ar an eolas faoin gceart chun athbhreithniú/ceart achomhairc a lorg maidir le cinneadh na scoile (féach alt 18 thíos le haghaidh tuilleadh sonraí). | *Applicants will be informed in writing as to the decision of the school, within the timeline outlined in the annual admissions notice.*<br>*If a student is not offered a place in our school, the reasons why they were not offered a place will be communicated in writing to the applicant, including, where applicable, details of the student's ranking against the selection criteria and details of the student's place on the waiting list for the school year concerned.*<br>*Applicants will be informed of the right to seek a review/right of appeal of the school's decision (see section 18 below for further details).* |
| **10. Glacadh le tairiscint áite ag iarratasóir** | ***10. Acceptance of an offer of a place by an applicant*** |
| Agus tairiscint iontrála á glacadh agat ó Gaelcholáiste Phort Láirge, ní mór duit an méid a leanas a léiriú:<br>(i) cé acu an bhfuil nó nach bhfuil glactha agat le tairiscint iontrála ar scoil nó ar scoileanna eile. Má ghlac tú le tairiscint den sórt sin, ní mór duit freisin sonraí na tairisceana nó na dtairiscintí lena mbaineann a chur ar fáil agus<br>(ii) cé acu an bhfuil iarratas déanta agat ar thairiscint iontrála ó scoil nó ó scoileanna eile<br>nó<br>(iii) cé acu an bhfuil tú ag feitheamh lena dheimhniú, agus má tá, ní mór duit sonraí na scoile nó na scoileanna eile lena mbaineann a sholáthar. | *In accepting an offer of admission from Gaelcholáiste Phort Láirge you must indicate:*<br>*(i) whether or not you have accepted an offer of admission for another school or schools. If you have accepted such an offer, you must also provide details of the offer or offers concerned and*<br>*(ii) whether or not you have applied for an offer of admission from another school or schools nó*<br>*(iii) whether you are awaiting confirmation of an the offer of and if so, you must provide details of the other school or schools concerned.* |

| **11. Cúinsí nach féidir tairiscintí a dhéanamh ina leith nó a tharraingt siar** | ***11. Circumstances in which offers may not be made or may be withdrawn*** |
|---|---|
| Ní féidir le Gaelcholáiste Phort Láirge tairiscint iontrála a dhéanamh ná a tharraingt siar ach sna cásanna a leanas —<br>i. déantar amach go bhfuil an fhaisnéis atá san iarratas bréagach nó míthreorach.<br>ii. teipeann ar iarratasóir glacadh le tairiscint iontrála ar nó roimh an dáta atá leagtha amach i bhfógra iontrála bliantúil na scoile.<br>iii. má theipeann ar thuismitheoir dalta, nuair a éilíonn an príomhoide é de réir alt 23(4) den Acht Oideachais (Leas) 2000, a dhearbhú i scríbhinn go bhfuil cód iompair na scoile inghlactha dó nó di agus go ndéanfaidh sé nó sí gach iarracht réasúnach lena chinntiú go gcomhlíonfaidh an dalta an cód sin; nó<br>iv. teipeann ar iarratasóir riachtanais a chomhlíonadh chun 'glacadh le tairiscint' mar atá leagtha amach in alt 10 thuas. | *An offer of admission may not be made or may be withdrawn by Gaelcholáiste Phort Láirge where—*<br>*(i) it is established that information contained in the application is false or misleading.*<br>*(ii) an applicant fails to confirm acceptance of an offer of admission on or before the date set out in the annual admission notice of the school.*<br>*(iii) the parent of a student, when required by the principal in accordance with section 23(4) of the Education (Welfare) Act 2000, fails to confirm in writing that the code of behaviour of the school is acceptable to him or her and that he or she shall make all reasonable efforts to ensure compliance with such code by the student; or*<br>*(iv) an applicant has failed to comply with the requirements of 'acceptance of an offer' as set out in section 10 above.* |
| **12. Sonraí a roinnt le scoileanna eile** | ***12. Sharing of Data with other schools*** |
| Ba chóir d'iarratasóirí a bheith feasach go gceadaítear le hAlt 66(6) den Acht Oideachas (Iontráil Scoileanna), 2018 comhroinnt sonraí idir scoileanna d'fhonn iontráil éifeachtach daltaí a éascú.<br>**Tá ceadaithe de réir Alt 66 (6) do scoil liosta de na daltaí a sholáthar do phátrún nó do bhord bainistíochta eile:**<br>(i) go bhfuarthas iarratas ar ligean isteach sa scoil,<br>(ii) go ndearnadh tairiscint ar áit sa scoil, nó<br>(iii) gur glacadh le tairiscint ar áit scoile. | *Applicants should be aware that section 66(6) of the Education (Admission to Schools) Act 2018 allows for the sharing of certain information between schools in order to facilitate the efficient admission of students.*<br>***Section 66(6) allows a school to provide a patron or another board of management with a list of the students in relation to whom—***<br>*(i) an application for admission to the school has been received,*<br>*(ii) an offer of admission to the school has been made, or*<br>*(iii) an offer of admission to the school has been accepted.* |

| | |
|---|---|
| **Féadfaidh aon cheann nó gach ceann díobh seo a leanas a bheith ar an liosta:**<br><br>(i) an dáta a fuair an scoil iarratas ar áit scoile;<br><br>(ii) an dáta a rinne an scoil tairiscint ar áit scoile;<br><br>(iii) an dáta ar ghlac iarratasóir le tairiscint ar áit scoile;<br><br>(iv) sonraí pearsanta dalta(í) lena n-áirítear ainm, seoladh, dáta breithe agus uimhir seirbhíse poiblí pearsanta (de réir bhrí alt 262 den Acht Comhdhlúthaithe Leasa Shóisialaigh 2005).<br><br>Tá dualgas cúraim ar an mbord bainistíochta sláinte agus sábháilteacht scoláirí agus fhoireann na scoile a chinntiú a mhéid is indéanta. Ina theannta sin, ceanglaítear ar an mbord bainistíochta faoi alt 15 (1) den Acht Oideachais 1998 oideachas iomchuí a sholáthar, nó a chur faoi deara go soláthrófar é, do gach scoláire sa scoil a bhfuil an bord sin freagrach as.<br><br>Dá bhrí sin, féadfar iarratas ar chead isteach a dhiúltú, i gcás ina mbeadh riosca suntasach do shláinte agus shábháilteacht an iarratasóra nó scoláire agus fhoireann na scoile dá ligfí isteach an t-iarratasóir, nó go bhféadfadh sé cur isteach go mór ar cheart scoláirí eile chun oideachas cuí a fháil. | ***The list may include any or all of the following:***<br><br>*(i) the date on which an application for admission was received by the school;*<br><br>*(ii) the date on which an offer of admission was made by the school;*<br><br>*(iii) the date on which an offer of admission was accepted by an applicant;*<br><br>*(iv) a student's personal details including his or her name, address, date of birth and personal public service number (within the meaning of section 262 of the Social Welfare Consolidation Act 2005).*<br><br>*The board of management has a duty of care to ensure as far as practicable the health and safety of the students and staff of the school. In addition, the board of management is required under section 15(1) of the Education Act 1998 to provide, or cause to be provided, an appropriate education for each student at the school for which that board has responsibility.*<br>*An application for admission may be refused, therefore, where the admission of the applicant would pose a significant risk to the health and safety of the applicant or students and staff of the school, or risk significantly interfering with the right of other students to an appropriate education.* |
| **13. Liosta feithimh i gcás ró-éilimh** | ***13. Waiting list in the event of oversubscription*** |
| I gcás go mbeidh níos mó iarratas ar an scoilbhliain lena mbaineann ná na háiteanna atá ar fáil, tiomsófar liosta feithimh de dhaltaí nár éirigh lena n-iarratas ar iontráil chuig Gaelcholáiste Phort Láirge mar gheall ar ró- | *In the event of oversubscription for the school year in question, a waiting list of unsuccessful applications for admission to Gaelcholáiste Phort Láirge due to oversubscription will be compiled and* |

| | |
|---|---|
| éileamh ar an scoil agus beidh siad bailí don scoilbhliain ina bhfuil cead isteach á lorg.<br><br>Tá socrúchán ar liosta feithimh Ghaelcholáiste Phort Láirge san ord tosaíochta a shanntar d'iarratais na ndaltaí tar éis don scoil na critéir roghnúcháin a chur i bhfeidhm de réir an pholasaí iontrála seo.<br><br>Déanfar tairiscintí maidir le haon áiteanna ina dhiaidh sin a bheidh ar fáil don scoilbhliain agus lena linn a bhfuil cead isteach á lorg ina leith maidir leis na daltaí sin ar an liosta feithimh, de réir an oird tosaíochta ar cuireadh na daltaí ar an liosta.<br>Déanfar an liosta forlíontach feithimh a chruthú má fhaightear iarratais tar éis an dáta deiridh a leagtar amach san Fhógra Iontrála Bliantúil. Cuirfear na hiarratais in ord de réir na gcritéar roghnúcháin sa pholasaí iontrála seo. Beidh an chéad liosta feithimh glanta sula ndéanfar áiteanna a thairiscint d'iarrthóirí ar an liosta forlíontach seo. | *will remain valid for the school year in which admission is sought.*<br><br>*Placement on Gaelcholáiste Phort Láirge's waiting list will be in the order of priority assigned to student applications after the school has applied the selection criteria in accordance with this admissions policy.*<br><br>*Offers will be made in respect of any subsequent places which become available for and during the school year in which admission is sought for those pupils on the waiting list, according to the order of priority on which the students were placed.*<br>*A supplementary waiting list will be created if applications are received after the closing date set out in the Annual Admission Notice. Applications will be ranked according to the selection criteria in this admissions policy. The main waiting list will be cleared before candidates are offered places on this supplementary list.* |
| **14. Iarratais Dhéanacha** | ***14. Late Applications*** |
| Déanfaidh áit a thairisicint má tá áit ar fáil sa scoil.<br>Má tá ró-éileamh ar áiteanna sa scoil tar éis an bpríomhphróisis iontrála, líonfar aon áit scoile a thagann chun cinn ina dhiaidh sin ón liosta feithimh a cruthaítear as an bpróiseas sin.<br>Má fhaightear iarratais tar éis an dáta deiridh mar atá leagtha amach san Fhógra Iontrála Bliantúil déanfar liosta forlíontach feithimh a chruthú. Beidh an príomhliosta feithimh glanta sula ndéanfar áiteanna a thairiscint d'iarrthóirí ar an liosta forlíontach seo. Nuair a thagann spás chun cinn sa scoil, déanfar na hiarratais ar an liosta forlíontach feithimh a mheas de réir na gcritéar roghnúcháin sa pholasaí iontrála seo ar an lá a | *A place will be offered if a place is available in the school.*<br>*If there is an over-subscription for places at the school following the main admissions process, any school place that subsequently emerges from the waiting list created from that process will be filled.*<br>*If applications are received after the closing date as set out in the Annual Admission Notice a supplementary waiting list will be created. The main waiting list will be cleared before candidates are offered places on this supplementary list. When a space becomes available in the school, applications for the supplementary waiting list will be considered against the selection criteria in this admissions policy on the day that that place* |

| | |
|---|---|
| thagann an áit scoile sin chun cinn de réir an Achta um Iontrálacha Scoile 2018 agus de réir aon rialacháin a rinneadh faoin Acht sin. | *becomes available in accordance with the School Admissions Act 2018 and in accordance with any regulations made under that Act.* |
| **15. Nósanna imeachta maidir le scoláirí a ligean isteach i mblianta eile agus le linn na scoilbhliana** | ***15. Procedures for admission of students to other years and during the school year*** |
| Is iad seo a leanas nósanna imeachta na scoile maidir le scoláirí a ligean isteach nach bhfuil glactha isteach sa scoil cheana féin chuig ranganna nó blianta seachas grúpa iontrála na scoile:<br>Is gá do thuismitheoirí/caomhnóirí ar mian leo iarratas a dhéanamh ar áit in aon bhliain litir iarratais chuige sin a scríobh chuig Cathaoirleach an Bhoird. Is é an Bord Bainistíochta a dhéanfaidh an cinneadh faoi pháistí a ghlacadh in aon bhliain agus is faoin mBord amháin atá an cinneadh seo.<br><br>**Bliain 1**<br>Tabharfar áit má tá áit ar fáil sa bhliain seo. Sa chás go sáraíonn líon na n-iarratas líon na n-áiteanna atá ar fáil sa rang ábhartha, cuirfidh an scoil na critéir roghnúcháin atá leagtha amach i Mír 6 den bheartas seo i bhfeidhm ar na hiarratais sin. Sa chás nach bhfuil aon áit ar fáil, cuirfear ainm an pháiste ar an liosta feithimh de réir Alt 13 den bheartas seo.<br><br>**Bliain 2 go 6**<br>Ní chuirfear áiteanna ar fáil de ghnáth i ranganna os cionn Bhliain 1, ach amháin i gcúinsí eisceachtúla agus ar rogha an bhoird. Tabharfar áit do pháistí i mBliain 2 - 6 má tá spás sa bhliain **agus** má chinneann an Príomhoide/Bord Bainistíochta go bhfuil cumas Gaeilge an pháiste ar leibhéal a ligfeadh don pháiste feidhmiú agus foghlaim sa rang agus nach mbeadh ar dhaltaí eile iompú ar an mBéarla chun cumarsáid a dhéanamh. | *The school's procedures for admitting students who have not already been admitted to classes or years other than the school's admissions group are as follows:*<br>*Parents/guardians wishing to apply for a place in any year are required to write a letter of application to that effect to the Chairperson of the Board. The decision to accept children in any year is a matter solely for the Board of Management.*<br><br>***Year 1***<br>*A place will be offered if there is a place available for this year. Where the number of applications exceeds the number of places available in the relevant class, the school will apply the selection criteria set out in Section 6 of this policy to those applications. Where no places are available, the child's name will be placed on the waiting list in accordance with Section 13 of this policy.*<br><br>***Years 2 to 6***<br>*Places in years other than Year 1 will not normally be offered, except in exceptional circumstances and will be at the discretion of the board. Children in Years 2 - 6 will be given a place if there is space in the year* ***and*** *the Principal Board of Management decides that the child's Irish language ability is at a level that would allow the child to function and learn in class and that other pupils would not have to switch to English in order* |

| | |
|---|---|
| **Beidh ar an tuismitheoir/caomhnóir fianaise den chaighdeán seo a chur ar fáil.** Is ag an mBord Bainistíochta a bheidh an cinneadh deiridh sna cásanna seo.<br><br>Is iad seo a leanas nósanna imeachta na scoile maidir le scoláirí a ligean isteach nach bhfuil glactha isteach sa scoil cheana féin, tar éis thús na scoilbhliana ina lorgaítear an cead isteach:<br>Is gá do thuismitheoirí/caomhnóirí ar mian leo iarratas a dhéanamh ar áit in aon bhliain litir iarratais chuige sin a scríobh chuig Cathaoirleach an Bhoird. Is é an Bord Bainistíochta a dhéanfaidh an cinneadh faoi pháistí a ghlacadh in aon bhliain agus is faoin mBord amháin atá an cinneadh seo.<br><br>**Bliain 1**<br>Tabharfar áit má tá áit ar fáil sa bhliain seo. Sa chás go sáraíonn líon na n-iarratas líon na n-áiteanna atá ar fáil sa rang ábhartha, cuirfidh an scoil na critéir roghnúcháin atá leagtha amach i Mír 6 den bheartas seo i bhfeidhm ar na hiarratais sin. Sa chás nach bhfuil aon áit ar fáil, cuirfear ainm an pháiste ar an liosta feithimh de réir Alt 13 den bheartas seo.<br><br>**Bliain 2 go 6**<br>Ní chuirfear áiteanna ar fáil de ghnáth i ranganna os cionn Bhliain 1, ach amháin i gcúinsí eiseachtúla agus ar rogha an bhoird. Tabharfar áit do pháistí i mBliain 2 - 6 má tá spás sa bhliain **agus** má chinneann an Príomhoide/Bord Bainistíochta go bhfuil cumas Gaeilge an pháiste ar leibhéal a ligfeadh don pháiste feidhmiú agus foghlaim sa rang agus nach mbeadh ar dhaltaí eile iompú ar an mBéarla chun cumarsáid a dhéanamh.<br>**Beidh ar an tuismitheoir/caomhnóir fianaise den** | *to communicate.* ***The parent/guardian will be required to provide evidence of this standard.*** *The Board of Management will have the final decision in these cases.*<br><br>*The school's procedures for admitting students who have not already been admitted to the school, after the start of the school year in which admission is sought, are as follows:*<br>*Parents / guardians wishing to apply for a place in any year are required to write an application letter to that effect to the Chairperson of the Board. The decision to adopt children in any year is a matter for the Board of Management and is solely for the Board.*<br><br>***Year 1***<br>*A place will be offered if there is a place available for this year. Where the number of applications exceeds the number of places available in the relevant class, the school will apply the selection criteria set out in Section 6 of this policy to those applications. Where no places are available, the child's name will be placed on the waiting list in accordance with Section 13 of this policy.*<br><br>***Years 2 to 6***<br>*Places in years other than Year 1 will not normally be offered, except in exceptional circumstances and will be at the discretion of the board. Children in Years 2 - 6 will be given a place if there is space in the year and the Principal Board of Management decides that the child's Irish language ability is at a level that would allow the child to function and learn in class and that other pupils would not have to switch to English in order to communicate.*<br>***The parent/guardian will be required to provide evidence of this standard****. The Board of* |

| | |
|---|---|
| **chaighdeán seo a chur ar fáil.** Is ag an mBord Bainistíochta a bheidh an cinneadh deiridh sna cásanna seo.<br><br>Tá dualgas cúraim ar an mbord bainistíochta sláinte agus sábháilteacht a scoláirí agus fhoireann na scoile a chinntiú a mhéid is indéanta. Ina theannta sin, tá ceanglas ar an mbord bainistíochta faoi alt 15 (1) den Acht Oideachais 1998 oideachas cuí a sholáthar, nó a chur faoi deara é a sholáthair, do gach scoláire sa scoil a bhfuil freagracht ag an mbord sin ina leith.<br>Dá bhrí sin, féadfar iarratas ar chead isteach a dhiúltú, i gcás ina mbeadh riosca suntasach do shláinte agus shábháilteacht an iarratasóra nó scoláire agus fhoireann na scoile dá ligfí isteach an t-iarratasóir, nó go bhféadfadh sé cur isteach go mór ar cheart scoláirí eile chun oideachas cuí a fháil. | *Management will have the final decision in these cases.*<br>*The board of management has a duty of care to ensure as far as practicable the health and safety of the students and staff of the school. In addition, the board of management is required under section 15(1) of the Education Act 1998 to provide, or cause to be provided, an appropriate education for each student at the school for which that board has responsibility.*<br>*An application for admission may be refused, therefore, where the admission of the applicant would pose a significant risk to the health and safety of the applicant or students and staff of the school, or risk significantly interfering with the right of other students to an appropriate education.* |
| **16. Dearbhú maidir le gan táillí a ghearradh** | **16. Declaration in relation to the non-charging of fees** |
| Ní ghearrfaidh Bord Bainistíochta Ghaelcholáiste Phort Láirge ná aon duine a ghníomhaíonn thar a cheann, seachas i gcomhréir le halt 64 den Acht Oideachais (Ligean Isteach i Scoileanna) 2018, táillí ar íocaíocht ná ní lorgóidh sé íocaíocht ná ranníocaíochtaí (cibé slí a dtuairiscítear í) mar choinníoll de –<br>) iarratas ar scoláire a ligean isteach sa scoil, nó<br>) iontráil nó clárú leanúnach scoláire sa scoil | The Board of Management of Gaelcholáiste Phort Láirge or any persons acting on its behalf will not charge fees for or seek payment or contributions (howsoever described) as a condition of-<br><br>(a) an application for admission of a student to the school, or<br>(b) the admission or continued enrolment of a student in the school. |
| **17. Socruithe maidir le scoláirí nach bhfreastalaíonn ar theagasc reiligiúnach** | **17. Arrangements regarding students not attending religious instruction** |
| Fáiltíonn ár scoil roimh gach scoláire.<br>Is iad seo a leanas socruithe na scoile do scoláirí, sa chás go bhfuil na tuismitheoirí, nó i gcás go bhfuil 18 mbliana d'aois slánaithe ag an scoláire, tar éis a iarraidh go bhfreastalódh an scoláire ar an scoil gan freastal ar | Our school welcomes all pupils.<br>The following are the school's arrangements for students, where the parents, or where the student has attained the age of 18, have requested that the student attend the school without attending |

| | |
|---|---|
| theagasc reiligiúnach sa scoil. Ní bheidh laghdú ar lá scoile na scoláirí sin mar thoradh ar na socruithe sin: Cuireann ár scoil clár eiticiúil agus spioradálta ar fáil. Ní foirmiú creidimh/teagasc reiligiúnach atá sa chlár sin agus mar sin is féidir le gach scoláire freastal ar na ranganna sin.<br>Nuair a bhíonn imeacht eaglasta ar siúl sa scoil m.sh. Aifreann déanfar socruithe scoile eile do na scoláirí sin nach Caitlicigh iad ach nóta a fháil óna tuismitheoirí ag cur in iúl nach mbeidh a pháiste ag glacadh páirte. I gcás scoláire os cionn 18 mbliana d'aois glacfar leis an míniú scríofa sin ón scoláire féin. | religious instruction in the school. These arrangements will not result in a reduction in the school day of these students:<br>Our school pursues an ethical and spiritual program. Faith formation/Religious instruction is not part of the program so all students can attend classes.<br>When a religious/church event is taking place in the school eg. Mass other school arrangements will be made for those non-Catholic students on receipt of a note from their parents that their child will not be participating. In the case of a student over the age of 18 this written explanation will be accepted from the student himself/herself. |
| **18. Athbhreithnithe/achomhairc** | **18. Reviews/appeals** |
| **<u>Athbhreithniú ar chinntí an Bhoird Bainistíochta</u>**<br>Féadfaidh tuismitheoir scoláire, nó i gcás scoláire a bhfuil 18 mbliana d'aois slánaithe aige/aici féadfaidh sé/sí a iarraidh ar an mbord athbhreithniú a dhéanamh ar an gcinneadh áit sa scoil a dhiúltú. Ní mór iarratais den sórt sin a dhéanamh de réir Alt 29C den Acht Oideachais 1998.<br>Tá an amlíne ina gcaithfear athbhreithniú den gcineál sin a iarraidh agus na ceanglais eile a bhaineann maidir le hathbhreithnithe den sórt sin leagtha síos sna nósanna imeachta arna gcinneadh ag an Aire faoi alt 29B den Acht Oideachais 1998 atá foilsithe ar shuíomh gréasáin na Roinne Oideachais agus Scileanna.<br><br>Déanfaidh an bord athbhreithnithe den sórt sin de réir na nósanna imeachta a rialaítear faoi Alt 29B agus le hAlt 29C den Acht Oideachais 1998.<br><br>**Tabhair faoi deara:** Sa chás gur diúltaíodh áit d'iarratasóir mar gheall ar ró-éileamh ar áiteanna sa | **<u>Review of decisions by the Board of Management</u>**<br>The parent of the student, or in the case of a student who has reached the age of 18 years, the student, may request the board to review a decision to refuse admission. Such requests must be made in accordance with Section 29C of the Education Act 1998.<br>The timeline within which such a review must be requested and the other requirements applicable to such reviews are set out in the procedures determined by the Minister under section 29B of the Education Act 1998 which are published on the website of the Department of Education and Skills.<br><br>The board will conduct such reviews in accordance with the requirements of the procedures determined under Section 29B and with section 29C of the Education Act 1998.<br><br>**Note:** Where an applicant has been refused admission due to the school being oversubscribed, the applicant **<u>must request a review</u>** of that |

| | |
|---|---|
| scoil, **<u>ní mór</u>** don iarratasóir iarraidh ar an mbord bainistíochta **<u>athbhreithniú ar an gcinneadh</u>** sin a dhéanamh roimh achomharc a dhéanamh faoi alt 29 den Acht Oideachais 1998.<br>Sa chás gur diúltaíodh áit d'iarratasóir mar gheall ar chúis seachas ró-éileamh ar áiteanna sa scoil, **<u>féadfaidh</u>** an t-iarratasóir iarraidh ar an mbord bainistíochta **<u>athbhreithniú ar an gcinneadh</u>** sin a dhéanamh roimh achomharc a dhéanamh faoi alt 29 den Acht Oideachais 1998.<br><br>**<u>Ceart ar achomharc</u>**<br>Faoi Alt 29 den Acht Oideachais 1998, féadfaidh tuismitheoir scoláire, nó i gcás scoláire a bhfuil 18 mbliana d'aois slánaithe aige/aici, féadfaidh sé/sí achomharc a dhéanamh ar chinneadh na scoile seo maidir le háit sa scoil a dhiúltú.<br>Is féidir achomharc a dhéanamh faoi Alt 29 (1)(c)(i) den Acht Oideachais 1998 sa chás gur diúltaíodh áit d'iarratasóir mar gheall ar ró-éileamh ar áiteanna sa scoil.<br>Is féidir achomharc a dhéanamh faoi Alt 29 (1)(c)(ii) den Acht Oideachais 1998 sa chás gur diúltaíodh áit d'iarratasóir mar gheall ar chúis seachas ró-éileamh ar áiteanna sa scoil.<br>Sa chás gur diúltaíodh áit d'iarratasóir mar gheall ar ró-éileamh ar áiteanna sa scoil, **<u>ní mór</u>** don iarratasóir iarraidh ar an mbord bainistíochta **<u>athbhreithniú ar an gcinneadh</u>** sin a dhéanamh **<u>roimh achomharc a dhéanamh</u>** faoi alt 29 den Acht Oideachais 1998. (féach Athbhreithniú ar chinntí an Bhord Bainistíochta).<br>Sa chás gur diúltaíodh áit d'iarratasóir mar gheall ar chás seachas ró-éileamh ar áiteanna sa scoil, **<u>féadfaidh</u>** an t-iarratasóir iarraidh ar an mbord bainistíochta **<u>athbhreithniú ar an gcinneadh</u>** sin a dhéanamh roimh | decision by the board of management prior to making an appeal under section 29 of the Education Act 1998.<br>Where an applicant has been refused admission due to a reason other than the school being oversubscribed, the applicant **<u>may request a review</u>** of that decision by the board of management prior to making an appeal under section 29 of the Education Act 1998.<br><br>**<u>Right of appeal</u>**<br>Under Section 29 of the Education Act 1998, the parent of the student, or in the case of a student who has reached the age of 18 years, the student, may appeal a decision of this school to refuse admission.<br><br>An appeal may be made under Section 29 (1)(c)(i) of the Education Act 1998 where the refusal to admit was due to the school being oversubscribed.<br><br>An appeal may be made under Section 29 (1)(c)(ii) of the Education Act 1998 where the refusal to admit was due a reason other than the school being oversubscribed.<br><br>Where an applicant has been refused admission due to the school being oversubscribed, the applicant **<u>must request a review</u>** of that decision by the board of management **<u>prior to making an appeal</u>** under section 29 of the Education Act 1998. (see Review of decisions by the Board of Management)<br>Where an applicant has been refused admission due to a reason other than the school being oversubscribed, the applicant **<u>may request a review</u>** of that decision by the board of |

| | |
|---|---|
| achomharc a dhéanamh faoi alt 29 den Acht Oideachais 1998. (féach Athbhreithniú ar chinntí an Bhord Bainistíochta).<br>Déanfaidh coiste achomharc neamhspleách arna cheapadh ag an Aire Oideachais agus Scileanna achomhairc faoi Alt 29 den Acht Oideachais 1998 a mheas agus déanfaidh sé cinneadh orthu.<br>Tá an amlíne ina gcaithfear achomharc den sórt sin a iarraidh agus na ceanglais eile a bhaineann maidir le hachomhairc den sórt sin leagtha síos sna nósanna imeachta arna gcinneadh ag an Aire faoi alt 29B den Acht Oideachais 1998 atá foilsithe ar shuíomh gréasáin na Roinne Oideachais agus Scileanna. | management prior to making an appeal under section 29 of the Education Act 1998. (see Review of decisions by the Board of Management)<br><br>Appeals under Section 29 of the Education Act 1998 will be considered and determined by an independent appeals committee appointed by the Minister for Education and Skills.<br>The timeline within which such an appeal must be made and the other requirements applicable to such appeals are set out in the procedures determined by the Minister under section 29B of the Education Act 1998 which are published on the website of the Department of Education and Skills. |
| **19. Athbhreithniú agus Uasdátú** | **19. Review and Update** |
| Is cáipéis beo é an polasaí seo agus dá bharr sin is féidir leis athrú ag am ar bith. Déanfar athbhreithniú ar an bpolasaí ar a laghad uair sa bhliain; tar éis plé déanta air ag na leibhéil éagsúla, 'sé sin ag cruinnithe foirne/pleanála, an Bhoird Bhainistíochta agus ag cruinnithe ag an bhfoireann bhainistíochta scoile le Comhairle na Scoláirí agus le Coiste na dTuismitheoirí. Cuirfear aon athrú in iúl do phobal na scoile de réir mar a tharlaíonn. Cuirfear an polasaí uasdátaithe ar shuíomh na scoile www.gcpl.ie agus beidh sé ar fáil ó oifig na scoile ach é a iarraidh. | This is a live document and therefore is subject to change on an ongoing basis. The policy will be reviewed at least once a year; having been discussed at various levels, namely, staff/ planning meetings, Board of Management, and staff management meetings with the Student Council and with the Parents' Council.<br>Notification of the review and any changes, as they occur, will be notified to the school community.<br>The updated policy will be uploaded to the school website www.gcpl.ie and will be available from the school office on request. |
| **20. Glactha agus faofa ag cruinniú an Bhoird Bainistíochta ar: 20/08/2020** | **20. Accepted and approved by The Board of Management on: 20/08/2020** |
| Rinneadh an leasú is déanaí ar an 28/11/2022<br>Síniú: M.P. Ó Madagáin<br>(Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta)<br><br>Síniú: : Cáit Ní Shé<br>(Príomhoide) | The most recent amendment was done on the 28/11/2022<br>Signature: M.P. Ó Madagáin<br>(Chairperson of Board of Management)<br><br>Signature: : Cáit Ní Shé<br>(Principal) |